CINNEADH (CBES) 2022/668 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/2032 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le haonaid mhíleata arna gcur faoi oiliúint ag misean oiliúna an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2032 ([1]), lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 40 000 000 ("méid tagartha airgeadais") atá beartaithe chun trealaimh nár ceapadh chun fórsa marfach a sholáthar agus soláthairtí a chur ar fáil d'aonaid fhórsaí armtha Mhósaimbíc a chumhdach, fórsaí atá le hoiliúint ag Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc).

(2) Is leor an méid tagartha airgeadais chun trealamh nár ceapadh chun fórsa marfach a sholáthar agus soláthairtí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Chinneadh (CBES) 2021/2032 a chur ar fáil do 5 aonad as 11 aonad d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc atá le cur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc le linn na tréimhse 2021 go 2023. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na sé aonad atá fágtha, ba cheart an méid tagartha airgeadais a mhéadú le EUR 45 000 000.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/2032 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/2032 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ar feadh tréimhse 36 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chonartha idir an Riarthóir um Bearta Cúnaimh ag gníomhú dó mar oifigeach údarúcháin agus an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2) i gcomhréir le hAirteagal 32(2), pointe (a), de Chinneadh (CBES) 2021/509 a mhairfidh an Beart Cúnaimh.";

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 85 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2032 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le haonaid mhíleata arna gcur faoi oiliúint ag misean oiliúna AE i Mósaimbíc (IO L 415, 22.11.2021, lch. 25).